Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

2023/0169(COD)

03.3.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta
(COMCOM(2023)0280 – C9-0192/2023 – 2023/0169(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir don tuairim: Jana Toom

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló ***trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Page

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 49

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 50

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta
(COM(2023)0280 – C9-0192/2023 – 2023/0169(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0280),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 81(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0192/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Gearmáine, Parlaimint na hIodáile agus Parlaimint na Portaingéile[1], faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm,

– ag féachaint do thuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an 18 Iúil 2023,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2024,

– ag féachaint do Rialacha 60, 41 agus 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún seo, a fhoilseofar i sraith L *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar aon leis an ngníomh reachtach críochnaitheach;

3. ag moladh go dtagrófar don ghníomh mar 'Jana Toom agus .....- Rialachán maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart agus comhar in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta'[2];

4. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

[1] https://connectfolx.europarl.europa.eu/connefof/app/exp/COM(2023)0280
[2] Is iad Jana Toom agus ... a bhí i gceannas ar an gcaibidlíocht maidir leis an ngníomh thar ceann na Parlaiminte agus na Comhairle faoi seach.

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Is é is cuspóir leis an Rialachán seo rialacha a leagan síos maidir le cosaint daoine fásta, i gcásanna trasteorann, ar daoine fásta iad nach bhfuil in ann a leasanna a chosaint mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht a gcumas pearsanta. Go háirithe, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart, glacadh le hionstraimí barántúla agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus Údaráis Lárnacha.	(1) Is é is cuspóir leis an Rialachán seo rialacha a leagan síos maidir le cosaint daoine fásta, i gcásanna trasteorann, ar daoine fásta iad nach bhfuil in ann a leasanna a chosaint mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht a gcumas pearsanta ***nó a dteastaíonn tacaíocht agus coimircí uathu agus a n-inniúlachta dlíthiúla á bhfeidhmiú acu***. Go háirithe, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart, glacadh le hionstraimí barántúla agus comhar idir údaráis inniúla na mBallstát agus Údaráis Lárnacha.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ina theannta sin, ba cheart léirmhíniú na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith faoi threoir a chuspóirí arb iad cosaint ceart agus saoirsí bunúsacha agus ceart eile daoine fásta a fheabhsú i staideanna trasteorann, lena n-áirítear a gceart chun neamhspleáchais, rochtain ar cheartas, a gceart chun maoine, a gceart chun éisteacht a fháil, a gceart chun saorghluaiseachta agus chun comhionannais. I ndáil leis an méid sin,	(10) Ina theannta sin, ba cheart léirmhíniú na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith faoi threoir a chuspóirí arb iad cosaint ceart agus saoirsí bunúsacha agus ceart eile daoine fásta a fheabhsú i staideanna trasteorann, lena n-áirítear a gceart chun neamhspleáchais, rochtain ar cheartas, a gceart chun maoine, a gceart chun éisteacht a fháil, a gceart chun saorghluaiseachta agus chun comhionannais. I ndáil leis an méid sin,

cuireann an Rialachán seo le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) agus leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine sa réimse sin. Go háirithe, is daoine faoi mhíchumas iad cuid shuntasach de na daoine fásta a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo. Ráthaítear a gcearta, lena n-áirítear an ceart chun comhionannais os comhair an dlí, iomláine, rochtain ar cheartas agus meas ar a ndínit bhunúsach agus ar a neamhspleáchas aonair, le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[11] (‘UNCRPD’), ar páirtithe ann an tAontas agus a Bhallstáit araon. Tá na cearta a chosnaítear in UNCRPD le cosaint i gcásanna náisiúnta agus trasteorann araon, agus i gcás ina ndéantar bearta maidir le daoine faoi mhíchumas, tá na bearta sin le bheith i gcomhréir le UNCRPD. An Rialachán seo, lena leagtar síos rialacha maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach le haghaidh cásanna trasteorann, ba cheart é a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach leis na hoibleagáidí maidir le cearta an duine faoi UNCRPD, go háirithe le hAirteagail 3, 9, 12 agus 19 de. Ina gcáil mar Pháirtithe conarthacha in UNCRPD, tá na Ballstáit le háirithiú go mbeidh a ndlíthe substainteacha náisiúnta agus a ndlíthe nós imeachta náisiúnta maidir leis an gcaoi a gcaitear le daoine fásta comhsheasmhach leis na hoibleagáidí maidir le cearta an duine dá bhforáiltear le UNCRPD. Go háirithe, tá urraim le bheith ag na Ballstáit do chomhionannas daoine fásta os comhair an dlí agus dá gceart chun tairbhiú d’inniúlacht dhlíthiúil ar bhonn comhionann le daoine eile i ngach gné den saol, leis an tacaíocht a bhféadfadh gá a bheith acu léi, chomh maith le neamhspleáchas agus iomláine na ndaoine fásta i gcomhréir le hAirteagal 12 de UNCRPD.

cuireann an Rialachán seo le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) agus leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine sa réimse sin. Go háirithe, is daoine faoi mhíchumas iad cuid shuntasach de na daoine fásta a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo. Ráthaítear a gcearta, lena n-áirítear an ceart chun comhionannais os comhair an dlí, iomláine, rochtain ar cheartas agus meas ar a ndínit bhunúsach agus ar a neamhspleáchas aonair, le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[11] (‘UNCRPD’), ar páirtithe ann an tAontas agus a Bhallstáit araon. Tá na cearta a chosnaítear in UNCRPD le cosaint i gcásanna náisiúnta agus trasteorann araon, agus i gcás ina ndéantar bearta maidir le daoine faoi mhíchumas, tá na bearta sin le bheith i gcomhréir le UNCRPD. An Rialachán seo, lena leagtar síos rialacha maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach le haghaidh cásanna trasteorann, ba cheart é a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach leis na hoibleagáidí maidir le cearta an duine faoi UNCRPD, go háirithe le hAirteagail 3, 9, 12 agus 19 de. Ina gcáil mar Pháirtithe conarthacha in UNCRPD, tá na Ballstáit le háirithiú go mbeidh a ndlíthe substainteacha náisiúnta agus a ndlíthe nós imeachta náisiúnta maidir leis an gcaoi a gcaitear le daoine fásta comhsheasmhach leis na hoibleagáidí maidir le cearta an duine dá bhforáiltear le UNCRPD. Go háirithe, tá urraim le bheith ag na Ballstáit do chomhionannas daoine fásta os comhair an dlí agus dá gceart chun tairbhiú d’inniúlacht dhlíthiúil ar bhonn comhionann le daoine eile i ngach gné den saol, leis an tacaíocht a bhféadfadh gá a bheith acu léi, chomh maith le neamhspleáchas agus iomláine na ndaoine fásta i gcomhréir le hAirteagal 12 de UNCRPD. ***Chun a áirithiú, i gcomhréir le UNCRPD, go mbeidh inniúlacht dhlíthiúil ag gach duine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile, ba cheart do chúirteanna tosaíocht a thabhairt do chinnteoireacht thacaithe ar***

chinnteoireacht ionadaithe, i gcás inarb iomchuí, ag áirithiú go mbeidh toil agus roghanna an duine fhásta lena mbaineann lárnach d'aon idirghabháil chosantach.

[11] IO L 23, 27.1.2010, lch. 37

[11] IO L 23, 27.1.2010, lch. 37

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) Is é is aidhm don rialachán seo tacú le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta le bearta atá dírithe ar neamhspleáchas na ndaoine fásta lena mbaineann a urramú go hiomlán agus ar chórais chinnteoireachta dá dtugtar tacaíocht a bhunú agus ar réamhphleanáil ar fud an Aontais .

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ba cheart ábhair shibhialta a bhaineann le cosaint daoine fásta a chumhdach leis an Rialachán seo, go háirithe ábhair a bhaineann le bearta, ionstraimí barántúla agus cumhachtaí ionadaíochta, ar ábhair iad atá dírithe ar dhuine fásta ***a chosaint***. Tá an chosaint riachtanach mar gheall ar lagú nó	(12) Ba cheart ábhair shibhialta a bhaineann le ***tacaíocht agus*** cosaint do dhaoine fásta a chumhdach leis an Rialachán seo, go háirithe ábhair a bhaineann le bearta, ionstraimí barántúla agus cumhachtaí ionadaíochta, arb é is aidhm dóibh ***tacaíocht agus cosaint a thabhairt do*** dhuine fásta. Tá ***an tacaíocht***

neamhdhóthanacht chumais phearsanta an duine fhásta, rud a d'fhéadfadh a bheith buan nó sealadach agus, i measc nithe eile, de chineál fisiceach nó síceasóisialta, nó i dtaca le galar a bhaineann le haois, amhail galar Alzheimer, nó mar thoradh ar riocht sláinte, amhail cóma. ***Tá*** gá leis an gcosaint go háirithe i gcás ina gcuireann bacainní ar an idirghníomhú le réimse tosca comhshaoil agus pearsanta bac ar rannpháirtíocht daoine fásta sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile, go háirithe i gcás ina gcuireann neamhdhóthanacht nó lagú chumais phearsanta an duine fhásta cosc ar an duine fásta sin aire a thabhairt dá leasanna féin, amhail leasanna maoine agus leasanna pearsanta nó sláinte. D'fhéadfadh faillí thromchúiseach ar leasanna pearsanta nó maoine na ngaolta a bhfuil an duine fásta freagrach astu lagú nó neamhdhóthanacht chumais phearsanta an duine fhásta a thabhairt chun solais freisin.

agus an chosaint riachtanach mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht chumais phearsanta an duine fhásta, a d'fhéadfadh a bheith buan nó sealadach agus, i measc nithe eile, de chineál fisiceach nó síceasóisialta, nó i dtaca le galar a bhaineann le haois, amhail galar Alzheimer, nó mar thoradh ar riocht sláinte, amhail cóma. ***D'fhéadfaí difear a dhéanamh do chumais phearsanta*** an ***duine fhásta go hiomlán nó go páirteach agus d'fhéadfadh leibhéil éagsúla tacaíochta agus cúnaimh a bheith ag teastáil ón duine fásta chun a inniúlacht dhlíthiúil nó a hinniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú. Is féidir*** gur gá ***cineálacha cosanta níos déine a thabhairt*** go háirithe i gcás ina gcuireann bacainní ar an idirghníomhú le réimse tosca comhshaoil agus pearsanta bac ar rannpháirtíocht daoine fásta sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile, go háirithe i gcás ina gcuireann neamhdhóthanacht nó lagú chumais phearsanta an duine fhásta cosc ar an duine fásta sin aire a thabhairt dá leasanna féin, amhail leasanna maoine agus leasanna pearsanta nó sláinte. ***I gcásanna den sórt sin, ba cheart cosaint a sholáthar fós agus lánurraim á tabhairt do thoil agus do roghanna an duine fhásta. I measc na samplaí de thacaíocht chuí don duine fásta i gcásanna den sórt sin tá tuiscint a fháil ar thoil agus ar roghanna an duine fhásta ó chiorcal sóisialta an duine fhásta, ó mhianta a dearbhaíodh roimhe seo nó ó fhoinsí eile faisnéise ar féidir leo roghanna a nochtadh.***
D'fhéadfadh faillí thromchúiseach ar leasanna pearsanta nó maoine na ngaolta a bhfuil an duine fásta freagrach astu lagú nó neamhdhóthanacht chumais phearsanta an duine fhásta a thabhairt chun solais freisin.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) Féadfaidh athrú teacht le himeacht ama ar a mhéid atá neamhdhóthanacht nó lagú ar chumais phearsanta an duine fhásta. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí a dhéantar chun tacú leis an duine fásta agus é nó í a chosaint ag eatraimh iomchuí ama chun athruithe ar imthosca an duine fhásta a chur san áireamh agus chun a dheimhniú an bhfuil bonn cirt fós leis na bearta gaolmhara.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Chun léirmhíniú aonfhoirmeach ar an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart a shainmhíniú go háirithe leis an Rialachán seo coincheapa daoine fásta, ionadaithe agus údarás, ar coincheapa iad a bhféadfadh bríonna éagsúla a bheith leo i gcórais dlí na mBallstát. Chun críocha an Rialacháin seo, is duine fásta é duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige. ***De réir an chomhthéacs,*** ba cheart tagairt a dhéanamh leis ***sin, mar shampla, do dhaoine fásta nach bhfuil*** in ann a leasanna a chosaint mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht ***a*** gcumas pearsanta***, nó do dhaoine fásta a dheonaigh cumhachtaí ionadaíochta atá le feidhmiú nuair nach bhfuil na daoine fásta sin in ann a leasanna a chosaint***.	(16) Chun léirmhíniú aonfhoirmeach ar an Rialachán seo a áirithiú, ba cheart a shainmhíniú go háirithe leis an Rialachán seo coincheapa daoine fásta, ionadaithe agus údarás, ar coincheapa iad a bhféadfadh bríonna éagsúla a bheith leo i gcórais dlí na mBallstát. Chun críocha an Rialacháin seo, is duine fásta é duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige. Ba cheart go dtagródh ***an téarma 'duine fásta soghonta' do dhuine fásta*** nach bhfuil in ann a leasanna a chosaint nó óna dteastaíonn tacaíocht agus coimircí chun ***a inniúlachta dlíthiúla nó a hinniúlachta dlíthiúla a fheidhmiú***, mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht ***a chumas pearsanta nó a cumas pearsanta***.

Or. en

Réasúnú

Ag comhfhreagairt don sainmhíniú nua in Airteagal 3(1)

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Chun críocha an Rialacháin seo, agus i gcomhréir leis an ***téarmaíocht*** a úsáidtear i gCoinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta***, ba cheart an coincheap 'údarás' a léirmhíniú mar thagairt do na húdaráis bhreithiúnacha nó riaracháin a dhéanann bearta atá dírithe ar an duine fásta a chosaint***. Ar bhonn níos leithne, ba cheart 'údarás inniúil' a léirmhíniú mar thagairt d'údarás poiblí Ballstáit a bhfuil freagrachtaí air maidir le hábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta. Áirítear leis sin údaráis a dhéanann bearta, údaráis a tharraingíonn suas gníomhartha barántúla agus údaráis a eisíonn fianuithe, foirmeacha nó an Deimhniú Eorpach Ionadaíochta. Áirítear leis freisin údaráis eile, nó eintitis atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta, amhail na húdaráis nó na heintitis atá freagrach as bearta a mhaoirsiú nó a chur chun feidhme.	(18) Chun críocha an Rialacháin seo, agus ***chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialacha an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh sna Ballstáit a áirithiú, ba cheart an coincheap 'cúirt' a léirmhíniú i gcomhréir leis an téarma 'údarás'*** a úsáidtear i gCoinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta. Ar bhonn níos leithne, ba cheart 'údarás inniúil' a léirmhíniú mar thagairt d'údarás poiblí Ballstáit a bhfuil freagrachtaí air maidir le hábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta. Áirítear leis sin údaráis a dhéanann bearta, údaráis a tharraingíonn suas gníomhartha barántúla agus údaráis a eisíonn fianuithe, foirmeacha nó an Deimhniú Eorpach Ionadaíochta. Áirítear leis freisin údaráis eile, nó eintitis atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta, amhail na húdaráis nó na heintitis atá freagrach as bearta a mhaoirsiú nó a chur chun feidhme.

Or. en

Réasúnú

Ag comhfhreagairt don sainmhíniú nua in Airteagal 3(6)

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22a) Chun a áirithiú gur féidir le daoine fásta soghonta i staideanna trasteorann a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach agus leas a bhaint as cosaint bhreithiúnach, tugtar isteach leis an Rialachán seo bearta tacaíochta breise a chomhlánaíonn an creat maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint agus forfheidhmiú, ionstraimí barántúla, agus comhar. Is é is aidhm do na bearta sin rochtain ar cheartas a éascú, éifeachtúlacht nós imeachta a fheabhsú, agus leanúnachas socruithe cosanta a áirithiú ar fud na mBallstát. Ba cheart faisnéis faoi na coimircí nós imeachta, na leigheasanna agus na bearta tacaíochta atá ar fáil cheana a chur ar fáil in aon áit amháin, in 'ionad ilfhreastail', mar a thugtar air, chun rochtain éasca ar fhaisnéis thiomnaithe a sholáthar saor in aisce do dhaoine fásta soghonta agus dóibh siúd a dhéanann ionadaíocht orthu. D'fhéadfadh daoine fasta soghonta atá i staideanna trasteorann a bheith thíos le hiarmhairtí airgeadais agus díobháil airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart go gcumhdódh an fhaisnéis a sholáthraítear tríd an 'ionad ilfhreastail' na sásraí tacaíochta atá ann cheana, mar shampla faisnéis faoi eagraíochtaí agus comhlachais ábhartha a sholáthraíonn cúnamh nó tacaíocht dhlíthiúil nó aon chineál eile cúnaimh nó tacaíochta ábhartha do dhaoine fásta soghonta a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22b) Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag daoine fásta soghonta éisteacht a fháil agus baint fhóinteach a bheith acu le himeachtaí a dhéanann difear dá stádas dlíthiúil, lena n-áirítear i gcás ina bhféadfadh dlínse a bheith ag roinnt Ballstát. Chun deacrachtaí neamhriachtanacha a sheachaint, ba cheart do na húdaráis inniúla foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht a bheith rannpháirteach go cianda agus a áirithiú go gcuirfear daoine fásta soghonta ar an eolas faoi na critéir dhlínsiúla a bhfuil feidhm acu maidir leo. I gcás inar gá, ba cheart bearta cosanta trasteorann sealadacha a bheith ar fáil chun éiginnteacht dhlíthiúil a chosc agus dlínse á cinneadh.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22c) Maidir leis an dlí is infheidhme, is minic a bhíonn deacrachtaí ag daoine fásta soghonta tuiscint a fháil ar impleachtaí dlíthiúla na mbeart cosanta a dhéantar i mBallstáit éagsúla. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, ba cheart d'uirlisí treorach ilteangacha faisnéis a chur ar fáil i dteanga ar dócha go dtuigfidh an duine fásta soghonta í. Ba cheart seirbhísí faisnéise dlí a chur ar fáil chun na creataí dlíthiúla ábhartha a mhíniú, go háirithe i gcásanna ina raibh duine fásta soghonta ag brath ar ionstraimí réamhphleanála nó ar shocruithe dlíthiúla eile a éilíonn aitheantas trasteorann.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22d) Chun an comhar trasteorann a threisiú, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le líonra de bhreithiúna idirchaidrimh trasteorann a chruthú arb é is sainchúram dóibh daoine fásta soghonta a chosaint, rud a áiritheoidh comhordú éifeachtach idir údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin. Ina theannta sin, ba cheart ardáin chomhair ar líne a fhorbairt chun go mbeidh gairmithe a thugann cúnamh d'dhaoine fásta soghonta, amhail cleachtóirí dlí, in ann an fhaisnéis is gá a mhalartú ar bhealach slán.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22e) I bhfianaise ról méadaitheach na hintleachta saorga (IS) i bpróisis dhlíthiúla agus riaracháin, déantar foráil sa Rialachán seo maidir le húsáid fhreagrach uirlisí le cúnamh IS chun tacú le daoine fásta soghonta i gcásanna trasteorann. Le seirbhísí treorach dlíthiúla atá cumhachtaithe ag IS, d'fhéadfaí mínithe inrochtana a sholáthar ar dhlínse, ar an dlí is infheidhme, agus ar nósanna imeachta aitheantais, agus le huirlisí uathoibrithe rianaithe cásanna,

d'fhéadfadh daoine fásta soghonta agus a n-ionadaithe faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn a gcásanna ar fud dlínsí éagsúla. D'fhéadfadh córais braite riosca atá bunaithe ar an intleacht shaorga cuidiú freisin le neamhréireachtaí i mbearta cosanta a shainaithint, rud a chuirfeadh le comhordú níos fearr idir na Ballstáit.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22f) Leis na bearta tacaíochta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart an creat um chomhar breithiúnach a bhunaítear leis an Rialachán seo a chomhlánú agus a neartú, ag áirithiú go bhfaighidh daoine fásta soghonta cúnamh praiticiúil agus a neamhspleáchas, a ndínit agus a gcearta bunúsacha á gcoimirciú ag an am céanna.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Chun éascú a dhéanamh ar bhearta agus ionstraimí barántúla a chur i gcúrsaíocht san Aontas, is gá foráil a dhéanamh maidir le fianuithe a bheith ag gabháil leo i gcás inar gá iad a aithint, a fhorfheidhmiú, nó, de réir mar a bheidh, a	(30) Chun éascú a dhéanamh ar bhearta agus ionstraimí barántúla a chur i gcúrsaíocht san Aontas, is gá foráil a dhéanamh maidir le fianuithe a bheith ag gabháil leo i gcás inar gá iad a aithint, a fhorfheidhmiú, nó, de réir mar a bheidh, a

bheith glactha thar lear. Ba cheart go bhfágfaí faoin dlí náisiúnta na nósanna imeachta chun fianuithe a cheartú, a tharraingt siar agus a chonspóid, ar fianuithe iad a úsáidtear chun bearta a aithint agus a fhorfheidhmiú agus chun ionstraimí barántúla a ghlacadh. I bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, feidhmíonn na húdaráis feidhmeanna breithiúnacha agus na fianuithe á n-eisiúint acu agus bíonn an eisiúint sin mar chuid de leanúnachas na n-imeachtaí breithiúnacha roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit leigheasanna leordhóthanacha agus éifeachtacha a chur ar fáil i gcomhthéacs na heisiúna sin.

bheith glactha thar lear. Ba cheart go bhfágfaí faoin dlí náisiúnta na nósanna imeachta chun fianuithe a cheartú, a tharraingt siar agus a chonspóid, ar fianuithe iad a úsáidtear chun bearta a aithint agus a fhorfheidhmiú agus chun ionstraimí barántúla a ghlacadh. I bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, feidhmíonn na húdaráis feidhmeanna breithiúnacha agus na fianuithe á n-eisiúint acu agus bíonn eisiúint sin ***na fianuithe*** mar chuid de leanúnachas na n-imeachtaí breithiúnacha roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit leigheasanna leordhóthanacha agus éifeachtacha a chur ar fáil i gcomhthéacs na heisiúna sin.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) De réir Airteagal 19 de UNCRPD, beidh an deis ag daoine faoi mhíchumas a n-áit chónaithe agus an áit agus an duine nó na daoine a mbeidh siad ina gcónaí leo a roghnú, ar bhonn comhionann le daoine eile, agus gan oibleagáid a bheith orthu cónaí faoi shocrú maireachtála ar leith. Chun críocha an Rialacháin seo, d'fhéadfadh cásanna teacht chun cinn inar gá d'údaráis Bhallstáit beart a dhéanamh maidir le háit chónaithe nó socrúchán sealadach duine fhásta. Samplaí de chásanna den sórt sin is ea cásanna ina dtugann údaráis cúnamh don duine fásta cinneadh a dhéanamh maidir lena áit chónaithe nó i gcás nach bhfuil duine fásta in ann a thuairimí a chur in iúl agus nár dheonaigh sé cumhachtaí d'ionadaí cinneadh a dhéanamh maidir lena áit chónaithe, agus inar gá an duine a chur isteach i saoráid chúraim. I gcás ina	(33) De réir Airteagal 19 de UNCRPD, beidh an deis ag daoine faoi mhíchumas a n-áit chónaithe agus an áit agus an duine nó na daoine a mbeidh siad ina gcónaí leo a roghnú, ar bhonn comhionann le daoine eile, agus gan oibleagáid a bheith orthu cónaí faoi shocrú maireachtála ar leith. Chun críocha an Rialacháin seo, d'fhéadfadh cásanna teacht chun cinn inar gá d'údaráis Bhallstáit beart a dhéanamh maidir le háit chónaithe nó socrúchán sealadach duine fhásta. Samplaí de chásanna den sórt sin is ea cásanna ina dtugann údaráis cúnamh don duine fásta cinneadh a dhéanamh maidir lena áit chónaithe nó i gcás nach bhfuil duine fásta in ann a thuairimí a chur in iúl agus nár dheonaigh sé cumhachtaí d'ionadaí cinneadh a dhéanamh maidir lena áit chónaithe, agus inar gá an duine a chur isteach i saoráid chúraim***. I gcomhréir le***

mbeidh socrúchán den sórt sin le cur chun feidhme i mBallstát eile, ba cheart nós imeachta comhairliúcháin a chur i gcrích sula ndéanfar an beart sin, ar nós imeachta comhairliúcháin é chun toiliú a fháil ó Údarás Lárnach Bhallstát an chur chun feidhme. Maidir leis na cúiseanna leis an mbeart atá beartaithe, agus na tuairimí arna gcur in iúl ag an duine fásta lena mbaineann i gcás inar féidir, i bhfianaise Airteagal 19 de UNCRPD, ba cheart iad a chur san áireamh in iarraidh an toilithe arna déanamh ag an údarás tionscnaimh. Ba cheart d'Údarás Lárnach Bhallstát an chur chun feidhme a bheith in ann cinneadh a dhéanamh go pras an ndeonóidh sé an toiliú nó an ndiúltóidh sé é. Mura bhfaighfear freagra laistigh de 6 seachtaine, níor cheart é a thuiscint gur toiliú é agus mura dtabharfar toiliú, níor cheart an beart a chur chun feidhme. Níor cheart an comhairliúchán a chur i gcrích nuair is le duine aonair atá an socrúchán agus nuair nach gá d'aon údarás poiblí de Bhallstát an chur chun feidhme maoirseacht a dhéanamh air.

hAirteagal 19 de CRPD, ba cheart do chúirteanna Ballstáit toiliú an daoine fhásta shoghonta a lorg i gcónaí i gcás ina bhfuil sé beartaithe cinneadh a dhéanamh maidir le háit chónaithe nó suíomh sealadach an daoine fhásta shoghonta sin. I gcás ina mbeidh socrúchán den sórt sin le cur chun feidhme i mBallstát eile, ba cheart nós imeachta comhairliúcháin a chur i gcrích sula ndéanfar an beart sin, ar nós imeachta comhairliúcháin é chun toiliú a fháil ó Údarás Lárnach Bhallstát an chur chun feidhme. Maidir leis na cúiseanna leis an mbeart atá beartaithe, agus na tuairimí arna gcur in iúl ag an duine fásta lena mbaineann i gcás inar féidir, i bhfianaise Airteagal 19 de UNCRPD, ba cheart iad a chur san áireamh in iarraidh an toilithe arna déanamh ag an údarás tionscnaimh. Ba cheart d'Údarás Lárnach Bhallstát an chur chun feidhme a bheith in ann cinneadh a dhéanamh go pras an ndeonóidh sé an toiliú nó an ndiúltóidh sé é. Mura bhfaighfear freagra laistigh de 6 seachtaine, níor cheart é a thuiscint gur toiliú é agus mura dtabharfar toiliú, níor cheart an beart a chur chun feidhme. Níor cheart an comhairliúchán a chur i gcrích nuair is le duine aonair atá an socrúchán agus nuair nach gá d'aon údarás poiblí de Bhallstát an chur chun feidhme maoirseacht a dhéanamh air.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Maidir le hionadaithe daoine fásta n***ach bhfuil in ann a leasanna a chosaint mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht a gcumas pearsanta,*** ba cheart dóibh a	(35) Ba cheart d'ionadaithe daoine fhásta ***shoghonta*** a bheith in ann a gcumhachtaí a agairt chun ***tacú leis na daoine fásta soghonta sin a n-inniúlacht***

bheith in ann a gcumhachtaí a agairt chun ionadaíocht a dhéanamh ar na daoine fásta sin agus chun leasanna na ndaoine fásta sin a chosaint gan bacainní laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart d'ionadaithe a bheith in ann a stádas agus a gcumhachtaí a léiriú go héasca i mBallstát eile, i mBallstát ina bhfuil maoin réadach nó sócmhainní eile an duine fhásta lonnaithe, cuir i gcás. Ionas go mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh, ba cheart Deimhniú Eorpach Ionadaíochta ('an Deimhniú') a chruthú. Ba cheart an Deimhniú sin a bheith ina dheimhniú aonfhoirmeach a eiseofar lena úsáid i mBallstát eile. Chun go ndéanfar prionsabal na coimhdeachta a urramú, níor cheart go nglacfadh an Deimhniú ionad na ndoiciméad inmheánach a d'fhéadfadh a bheith ann chun críoch comhchosúil sna Ballstáit.

dhlíthiúil a fheidhmiú nó chun ionadaíocht a dhéanamh ar na daoine soghonta sin agus chun leasanna na ndaoine fásta sin a chosaint gan bacainní laistigh den Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart d'ionadaithe a bheith in ann a stádas agus a gcumhachtaí a léiriú go héasca i mBallstát eile, i mBallstát ina bhfuil maoin réadach nó sócmhainní eile an duine fhásta lonnaithe, cuir i gcás. Ionas go mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh, ba cheart Deimhniú Eorpach ***Tacaíochta agus*** Ionadaíochta ('an Deimhniú') a chruthú. Ba cheart an Deimhniú sin a bheith ina dheimhniú aonfhoirmeach a eiseofar lena úsáid i mBallstát eile. Chun go ndéanfar prionsabal na coimhdeachta a urramú, níor cheart go nglacfadh an Deimhniú ionad na ndoiciméad inmheánach a d'fhéadfadh a bheith ann chun críoch comhchosúil sna Ballstáit.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Féadfaidh ionadaí an duine fhásta an Deimhniú a iarraidh ar bhonn beart atá ann cheana nó ar bhonn cumhachtaí ionadaíochta deimhnithe (an 'beart foinseach' agus 'na cumhachtaí ionadaíochta deimhnithe foinseacha'). Níor cheart, dá bhrí sin, é a eisiúint ach amháin i gcásanna nach bhfuil duine fásta in ann a leasanna a chosaint ar dhóigh ar bith agus go bhfuil an t-ionadaí i dteideal ionadaíocht ghníomhach a dhéanamh ar an duine fásta sin in ábhar sonrach amháin nó níos mó. Ba cheart go n-áireofaí sa Deimhniú faisnéis maidir le fairsinge na gcumhachtaí atá an t-ionadaí i dteideal a fheidhmiú thar ceann duine fhásta agus, i	(36) Féadfaidh an ***duine fásta soghonta nó*** ionadaí an daoine fhásta ***shoghonta*** an Deimhniú a iarraidh ar bhonn beart atá ann cheana nó ar bhonn cumhachtaí ionadaíochta deimhnithe (an 'beart foinseach' agus 'na cumhachtaí ionadaíochta deimhnithe foinseacha'). Níor cheart, dá bhrí sin, é a eisiúint ach amháin i gcásanna ina bhfuil ***tacaíocht á tabhairt do dhuine fásta soghonta agus cinntí á déanamh aige nó aici nó i gcás nach bhfuil duine fásta soghonta*** in ann a leasanna a chosaint ar dhóigh ar bith agus go bhfuil an t-ionadaí i dteideal ionadaíocht ghníomhach a dhéanamh ar an duine fásta sin in ábhar sonrach amháin nó

gcás inarb ábhartha, maidir leis na hábhair nach bhfuil an t-ionadaí i dteideal gníomhú ina leith nó ina bhfuil sé nó sí i dteideal gníomhú faoi choinníollacha áirithe.	níos mó. Ba cheart go n-áireofaí sa Deimhniú faisnéis maidir le fairsinge na gcumhachtaí atá an t-ionadaí i dteideal a fheidhmiú thar ceann duine fhásta agus, i gcás inarb ábhartha, maidir leis na hábhair nach bhfuil an t-ionadaí i dteideal gníomhú ina leith nó ina bhfuil sé nó sí i dteideal gníomhú faoi choinníollacha áirithe.
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Níor cheart go mbeadh úsáid an Deimhnithe éigeantach. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon oibleagáid a bheith ar ionadaí duine fhásta atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú déanamh amhlaidh ach gur cheart saoirse a bheith aige chun doiciméid náisiúnta nó ionstraimí eile atá ar fáil faoin Rialachán seo a úsáid (beart nó ionstraim bharántúil) agus é ag agairt a chumhachtaí i mBallstát eile. Níor cheart a cheangal ar dhaoine atá ag gníomhú ar a son féin Deimhniú a thabhairt, ***mar sin níor cheart*** an Deimhniú ***a eisiúint ach amháin d'***ionadaithe ar gá dóibh a gcumhachtaí tacaíocht a thabhairt do dhuine fásta nó gníomhú thar a cheann a léiriú.	(37) Níor cheart go mbeadh úsáid an Deimhnithe éigeantach. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon oibleagáid a bheith ar ionadaí duine fhásta ***shoghonta*** atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú déanamh amhlaidh ach gur cheart saoirse a bheith aige chun doiciméid náisiúnta nó ionstraimí eile atá ar fáil faoin Rialachán seo a úsáid (beart nó ionstraim bharántúil) agus é ag agairt a chumhachtaí i mBallstát eile. Níor cheart a cheangal ar dhaoine atá ag gníomhú thar a gceann féin Deimhniú a thíolacadh, ***ach ba cheart an deis a bheith acu rogha a dhéanamh cathain*** ba cheart ***d'ionadaí*** an Deimhniú ***a úsáid. Mar sin féin,*** na hionadaithe ar gá dóibh a gcumhachtaí tacaíocht a thabhairt do dhuine fásta ***soghonta*** nó gníomhú thar a cheann a léiriú***, ba cheart dóibh a bheith in ann an Deimhniú a úsáid.***
	Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 54 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(54a) I gcásanna ina bhféadfadh sláinte, sábháilteacht nó saoirse an duine fhásta nó duine eile a chur i mbaol le nochtadh nó dearbhú na faisnéise ábhartha, mar shampla i gcás ina ndearnadh foréigean teaghlaigh i gcoinne an duine fhásta shoghonta nó a ionadaí agus inar ordaigh cúirt gan seoladh nua an duine fhásta shoghonta a nochtadh don iarratasóir, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Rialachán seo cothromaíocht íogair a áirithiú. Cé gur cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo nár cheart d'Údarás Lárnach, do chúirt ná d'údarás inniúil aon fhaisnéis a bhailítear nó a tharchuirtear chun críocha an Rialacháin seo a nochtadh ná a dhearbhú don iarratasóir ná do thríú páirtí, i gcás ina gcinneann sé go bhféadfadh sé sin sláinte, sábháilteacht nó saoirse an duine fhásta nó duine eile a chur i mbaol, foráiltear mar sin féin nár cheart dó sin bac a chur ar bhailiú agus tarchur faisnéise ag Údaráis Lárnacha, cúirteanna agus údaráis inniúla agus eatarthu a mhéid is gá chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh. Ciallaíonn sé sin, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, gur cheart go bhféadfaí iarratas a phróiseáil faoin Rialachán seo gan an fhaisnéis uile a chur ar fáil don iarratasóir is gá chun an t-iarratas sin a phróiseáil. Mar shampla, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, ba cheart d'Údarás Lárnach a bheith in ann imeachtaí a thionscnamh thar ceann iarratasóra gan an fhaisnéis faoin áit ina bhfuil an duine fásta a chur ar aghaidh chuig an iarratasóir. Mar sin féin, i gcásanna inar leor an iarraidh a dhéanamh chun sláinte, sábháilteacht nó saoirse an daoine fhásta shoghonta nó duine eile a chur i mbaol, ba cheart toirmeasc a chur ar iarraidh den sórt sin leis an Rialachán seo.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Chomh maith leis an bpróiseáil sonraí thuasluaite, ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Rialachán seo freisin chun an córas a bhunú chun cláir um chosaint agus cláir eile de chumhachtaí ionadaíochta a idirnascadh agus chun coinneáil ar bun agus feidhmiú cuí an chórais sin a áirithiú. Tá údar leis an bpróiseáil bhreise sin toisc gur gá d'údaráis inniúla agus Údaráis Lárnacha na mBallstát a bhfuil leas dlisteanach acu rochtain a fháil ar fhaisnéis i dtaobh an bhfuil duine fásta ar leith á chosaint i mBallstát eile, d'fhonn a áirithiú go leanfar den duine fásta sin a chosaint i staideanna trasteorann agus d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a mhéadú. Ba cheart na Ballstáit a bheith freagrach as bainistiú teicniúil, coinneáil ar bun agus slándáil a gclár agus, a mhéid a fhoráiltear ina ndlí náisiúnta, ba cheart iad a bheith freagrach as cruinneas agus iontaofacht na sonraí a áirítear iontu. Ba cheart sonraí a bhaineann le hábhair sonraí a stóráil go príomha sna cláir a choinníonn na Ballstáit ar bun. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún sonraí a phróiseáil chun an córas um idirnascadh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun agus chun sonraí a bhfaightear rochtain orthu tríd an gcóras um idirnascadh a stóráil go sealadach.	(55) Chomh maith leis an bpróiseáil sonraí thuasluaite, ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Rialachán seo freisin chun an córas a bhunú chun cláir um chosaint agus cláir eile de chumhachtaí ionadaíochta a idirnascadh agus chun coinneáil ar bun agus feidhmiú cuí an chórais sin a áirithiú. Tá údar leis an bpróiseáil bhreise sin toisc gur gá d'údaráis inniúla agus Údaráis Lárnacha na mBallstát a bhfuil leas dlisteanach acu rochtain a fháil ar fhaisnéis i dtaobh an bhfuil duine fásta ar leith á chosaint i mBallstát eile, d'fhonn a áirithiú go leanfar den duine fásta sin a chosaint i staideanna trasteorann agus d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a mhéadú. ***Ba cheart an rochtain a theorannú go docht don fhaisnéis is gá chun na gcríoch a leagtar amach sa Rialachán seo i ndáil leis an duine fásta soghonta lena mbaineann sna himeachtaí atá ar siúl os comhair na n-údarás iarrthach.*** Ba cheart na Ballstáit a bheith freagrach as bainistiú teicniúil, coinneáil ar bun agus slándáil a gclár agus, a mhéid a fhoráiltear ina ndlí náisiúnta, ba cheart iad a bheith freagrach as cruinneas agus iontaofacht na sonraí a áirítear iontu. Ba cheart sonraí a bhaineann le hábhair sonraí a stóráil go príomha sna cláir a choinníonn na Ballstáit ar bun. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún sonraí a phróiseáil chun an córas um idirnascadh a fhorbairt agus a choinneáil ar bun agus chun sonraí a bhfaightear rochtain orthu tríd an gcóras um idirnascadh a stóráil go sealadach.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) foráil maidir le glacadh ionstraimí barántúla sna Ballstáit uile;	(e) foráil maidir le glacadh ionstraimí barántúla sna Ballstáit uile ***sna hábhair a thagann faoin Rialachán seo***;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(ga) foráil a dhéanamh maidir le húsáid IS, i gcás inarb iomchuí, chun cúnamh a thabhairt don duine fásta soghonta a inniúlacht dhlíthiúil nó a hinniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú sna hábhair a thagann faoin Rialachán seo;**

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ha) bearta tacaíochta a bhunú do dhaoine fásta soghonta sna hábhair a thagann faoin Rialachán seo;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo in ábhair shibhialta maidir le daoine fásta a chosaint i staideanna trasteorann nach bhfuil in ann, mar gheall ar a gcuid cumais phearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach, a leasanna a chosaint.	1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo in ábhair shibhialta maidir le daoine fásta a chosaint i staideanna trasteorann nach bhfuil in ann, mar gheall ar a gcuid cumais phearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach, a leasanna a chosaint ***nó a dteastaíonn tacaíocht agus coimircí uathu agus a n-inniúlachta dlíthiúla á bhfeidhmiú acu***.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) caomhnóireacht, coimircíocht agus institiúidí den chineál céanna;	(c) ***i gcás inarb infheidhme,*** caomhnóireacht, coimeádaíocht agus institiúidí den chineál céanna;

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) bearta a sholáthar chun tacú leis an duine fásta soghonta a inniúlacht dhlíthiúil nó a hinniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú;

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ainmniú agus feidhmeanna duine ar bith nó comhlacht ar bith a mbeidh an duine fásta féin nó maoin an duine fhásta faoina cheannas***, agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar an duine fásta nó a chabhróidh leis***;	(d) ainmniú agus feidhmeanna aon duine nó aon chomhlachta a ***chabhróidh leis an duine fásta soghonta nó a dhéanfaidh ionadaíocht air nó uirthi, nó*** a bheidh i bhfeighil an daoine fhásta ***shoghonta nó i bhfeighil mhaoin an daoine fhásta shoghonta;***

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) cinntí maidir leis an duine fásta a chur i mbunaíocht nó in áit eile inar féidir cosaint a sholáthar;	(e) cinntí maidir leis an duine fásta a chur i mbunaíocht nó in áit eile inar féidir ***tacaíocht nó*** cosaint a sholáthar ***a luaithe a bheidh sé suite ag an gcúirt gur chun leasa an daoine fhásta shoghonta déanamh amhlaidh***;

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) idirghabháil shonrach a údarú chun an duine fásta nó maoin an duine fhásta a	(g) idirghabháil shonrach a údarú chun ***tacaíocht nó*** cosaint a thabhairt don duine

chosaint.	fásta ***soghonta*** féin nó do mhaoin an daoine fhásta shoghonta sin.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) ciallaíonn 'duine fásta soghonta' duine fásta nach bhfuil in ann a leasanna a chosaint nó óna dteastaíonn tacaíocht agus coimircí chun a inniúlacht dhlíthiúil nó a hinniúlacht dhlíthiúil a feidhmiú, mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht a chumas pearsanta nó a cumas pearsanta;
	(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs agus cuirfear é in ionad 'duine fásta' gach áit seachas in Airteagal 2,(3) pointe (a) agus in Airteagal 3, pointí (1) agus (3). Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs.)

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) ***ciallaíonn 'údarás' aon údarás breithiúnach nó riaracháin de chuid Ballstáit atá inniúil ar bhearta a dhéanamh atá dírithe ar dhuine fásta nó ar mhaoin duine fásta a chosaint;***	***scriosta***

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) ciallaíonn 'cúirt' aon údarás breithiúnach nó riaracháin de chuid Ballstáit a bhfuil dlínse aige in ábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo de bhun Airteagal 2;
	(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs agus cuirfear é in ionad 'údarás' gach áit seachas: (1) nuair a úsáidtear é chun téarma eile a shainmhíniú in Airteagal 3; (2) nuair a úsáidtear é mar chuid de théarma sainithe de bhun Airteagal 3 nó mar chuid de na téarmaí neamhshainithe seo a leanas: 'Údarás Lárnach', 'údarás poiblí' agus 'údarás eisiúna'. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs.)
	Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 7a
	Bearta Tacaíochta le haghaidh rialacha dlínse
	In imeachtaí a bhaineann le duine fásta soghonta a chosaint a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, áiritheoidh na Cúirteanna, i gcomhréir leis an dlí nós imeachta náisiúnta, go mbeidh rochtain ag an duine fásta soghonta ar thacaíocht dlí iomchuí, lena n-áirítear:
	(a) cúnamh maidir le dlínse a

chinneadh, lena n-áirítear treoir maidir leis an bhfóram is iomchuí i gcás ina bhféadfadh roinnt Ballstát a bheith inniúil faoin gCaibidil seo;

(b) modhanna físchomhdhála nó cianchumarsáide eile a sholáthar trína dtabharfar éisteacht do dhuine fásta soghonta in imeachtaí breithiúnacha.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 8a
	Bearta tacaíochta faoi rialacha an dlí is infheidhme
	Déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:
	(a) uirlisí treorach ilteangacha a sholáthar chun daoine fásta soghonta agus a n-ionadaithe a chur ar an eolas faoin dlí is infheidhme faoin gCaibidil seo, ag áirithiú go dtuigfidh siad iarmhairtí dlíthiúla na mbeart cosanta i mBallstáit éagsúla;
	(b) seirbhísí tiomnaithe faisnéise dlí a bhunú chun cabhrú le daoine fásta soghonta coinbhleachtaí dlí a thuiscint agus déileáil leo, go háirithe nuair a dhéantar ionstraimí nó cinntí réamhphleanálai i ndlínse amháin agus is gá aitheantas a thabhairt dóibh in áiteacha eile.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) más rud é go ndearnadh an beart, ach amháin i gcás práinne, i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin, gan an deis a bheith tugtha don duine fásta éisteacht a fháil;	(a) más rud é go ndearnadh an beart, ach amháin i gcás práinne, i gcomhthéacs imeacht breithiúnach nó riaracháin, gan an deis a bheith tugtha don duine fásta éisteacht a fháil ***nó gan urraim a thabhairt d'uacht agus do thosaíocht an duine fhásta***;

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Sula bhforfheidhmeofar beart lena gcuirtear srian ar inniúlacht dhlíthiúil duine fhásta shoghonta, breithneoidh an t-údarás inniúil an bhféadfaí an cuspóir céanna a bhaint amach ar bhealach atá níos comhsheasmhaí le cearta agus roghanna an daoine fhásta shoghonta dá ndéanfaí rogha mhalartach nach bhfuil chomh sriantach céanna, lena n-áirítear sásraí cinnteoireachta tacaithe a roghnú.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. An t-údarás a ndéantar beart a	2. An t-údarás a ndéantar beart a

rinneadh i mBallstát eile a agairt os a chomhair nó a ndéantar aithint nó forfheidhmiú birt arna dhéanamh i mBallstát eile a lorg nó a chonspóid os a chomhair, féadfaidh sé***, i gcás inar gá,*** a cheangal ar an iarratasóir aistriúchán nó traslitriú ar inneachar an fhianaithe dá dtagraítear i mír (1), pointe (b), a sholáthar.	rinneadh i mBallstát eile a agairt os a chomhair nó a ndéantar aithint nó forfheidhmiú birt arna dhéanamh i mBallstát eile a lorg nó a chonspóid os a chomhair, ***ní*** fhéadfaidh sé a cheangal ar an iarratasóir ***ach*** aistriúchán nó traslitriú ar inneachar an fhianaithe dá dtagraítear i mír (1), pointe (b), a sholáthar ***i gcás ina measann an t-údarás sin nach leor an fhaisnéis a áirítear san fhoirm chun an t-iarratas a phróiseáil***.
	Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 15a
	Bearta tacaíochta chun bearta a fhorfheidhmiú
	Ainmneoidh na húdaráis inniúla oifigigh idirchaidrimh trasteorann chun cabhrú le daoine fásta soghonta agus lena n-ionadaithe aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí a bhaineann le forfheidhmiú.
	Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Oibreoidh na hÚdaráis Lárnacha i gcomhar le chéile agus cuirfidh siad comhar chun cinn i measc na n-údarás inniúil ina mBallstáit maidir le cur i	1. ***Déanfaidh*** na hÚdaráis Lárnacha ***na cúraimí seo a leanas:***

bhfeidhm an Rialacháin seo.

(a) oibriú i gcomhar le chéile agus comhar a chur chun cinn i measc na n-údarás inniúil ina mBallstáit maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo***;***

(b) faisnéis a chur in iúl maidir le dlíthe, nósanna imeachta agus seirbhísí náisiúnta in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta soghonta, agus na bearta a dhéanamh a mheasann siad a bheith iomchuí chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fheabhsú;

(c) cumarsáid idir na húdaráis inniúla a éascú ar gach modh.

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na hÚdaráis Lárnacha faisnéis in iúl maidir le dlíthe, nósanna imeachta agus seirbhísí náisiúnta in ábhair a bhaineann le cosaint daoine fásta, agus déanfaidh siad na bearta a mheasann siad a bheith iomchuí chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a fheabhsú.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Aistríodh an t-ábhar iomlán faoin gcéad mhír.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Éascóidh na hÚdaráis Lárnacha cumarsáid idir na húdaráis inniúla ar gach modh.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Aistríodh an t-ábhar iomlán faoin gcéad mhír.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Má bheartaíonn údarás Ballstáit an duine fásta a chur i mBallstát eile i mbunaíocht nó in institiúid eile inar féidir cosaint a chur ar fáil, gheobhaidh sé toiliú Údarás Lárnach an Bhallstáit eile sin ar dtús. Chuige sin, tarchuirfidh sé tuarascáil ar an duine fásta chuig Údarás Lárnach an Bhallstáit iarrtha mar aon leis na cúiseanna atá leis an mbeart atá beartaithe, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.	1. Má bheartaíonn údarás Ballstáit an duine fásta ***soghonta, tar éis toiliú an daoine fhásta shoghonta a fháil,*** an duine fásta ***soghonta*** a chur i mBallstát eile i mbunaíocht nó in institiúid eile inar féidir cosaint a chur ar fáil, gheobhaidh sé toiliú Údarás Lárnach an Bhallstáit eile sin ar dtús. Chuige sin, tarchuirfidh sé tuarascáil ar an duine fásta ***soghonta*** chuig Údarás Lárnach an Bhallstáit iarrtha mar aon leis na cúiseanna atá leis an mbeart atá beartaithe, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is é an Coimisiún***, go háirithe,*** a thionólfaidh cruinniú na nÚdarás Lárnach faoi chuimsiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh	2. Is é an Coimisiún a thionólfaidh cruinniú na nÚdarás Lárnach faoi chuimsiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in

Eorpaigh in ábhair shibhialta agus thráchtála i gcomhréir le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle[25].	ábhair shibhialta agus thráchtála i gcomhréir le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle[25].
[25] Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25).	[25] Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 lena mbunaítear Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 174, 27.6.2001, lch. 25).

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Gan dochar d'Airteagal 37(2),*** íocfaidh gach Údarás Lárnach agus gach údarás inniúil a chostais féin agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.	2. Íocfaidh gach Údarás Lárnach agus gach údarás inniúil a chostais féin agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm.

Or. en

Réasúnú

Ar aon dul leis an athrú in Airteagal 37.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 33a
	Bearta tionlacain
	1. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
	(a) breithiúna idirchaidrimh trasteorann a cheapadh a dhéanann

speisialtóireacht ar ábhair a bhaineann le daoine fásta soghonta a chosaint, chun páirt a ghlacadh i Líonra Eorpach chun comhordú idir na Ballstáit a éascú;

(b) ardáin chomhair ar líne a bhunú chun go mbeidh gairmithe a thugann cúnamh do dhaoine fásta soghonta amhail ionadaithe dlíthiúla, oibrithe sóisialta nó saineolaithe leighis in ann an fhaisnéis is gá a mhalartú ar bhealach slán agus éifeachtúil;

(c) uirlisí bainistithe cásanna IS-chuidithe a bhunú, i gcás inarb iomchuí, chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcumarsáid idir cúirteanna agus údaráis inniúla a láimhseálann bearta cosanta ar fud dlínsí.

2. I gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], féadfaidh údaráis inniúla uirlisí atá dírithe ar an intleacht shaorga a úsáid chun rochtain ar cheartas a fheabhsú agus chun tacú le daoine fásta soghonta i gcásanna trasteorann, ar choinníoll go gcomhlíonann na huirlisí sin ceanglais an Aontais maidir le cearta bunúsacha, cosaint sonraí agus trédhearcacht. Féadfar iad seo a leanas a áireamh ar na huirlisí sin:

(a) Cúnamh dlíthiúil cumhachtaithe ag IS chun mínithe inrochtana ar dhlínse, ar an dlí is infheidhme agus ar nósanna imeachta aitheantais a sholáthar do dhaoine fásta ina rogha teanga;

(b) rianú cásanna trasteorann uathoibrithe, lena gcuirtear ar chumas daoine fásta agus a n-ionadaithe dul chun cinn imeachtaí dlínse, aitheantais nó forfheidhmithe ar fud na mBallstát a leanúint;

(c) Córais braite riosca cumhachtaithe ag IS chun neamhréireachtaí féideartha i mbearta cosanta a shainaithint, agus ar an gcaoi sin, cuidiú le coinbhleachtaí idir cinntí a

eisítear i mBallstáit éagsúla a chosc.

3. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh rochtain ag daoine fásta soghonta, i gcás inarb iomchuí, ar fhaisnéis faoi na coimircí agus na leigheasanna nós imeachta atá ar fáil agus maidir le bearta tacaíochta atá ann cheana amhail cúnamh dlíthiúil agus tacaíocht airgeadais agus shíceolaíoch.

Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír aon fhaisnéis atá ar fáil maidir le feachtais múscailte feasachta, i gcás inarb iomchuí i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí eile.

Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil in aon áit amháin i bhformáid atá inrochtana go héasca trí bhealach iomchuí, amhail lárionad faisnéise, pointe fócasach atá ann cheana nó tairseach leictreonach, lena n-áirítear an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

[1a] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj).

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil VII – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
DEIMHNIÚ EORPACH IONADAÍOCHTA	DEIMHNIÚ EORPACH ***TACAÍOCHTA AGUS*** IONADAÍOCHTA *(Tá feidhm ag an leasú seo tríd an téacs ar fad. Má ghlactar é, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha ar fud an téacs.)*

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar an Deimhniú a eisiúint lena úsáid ag ionadaithe***, ar gá dóibh,*** i mBallstát eile, a gcumhachtaí a agairt chun ionadaíocht a dhéanamh ***ar dhaoine fásta nach bhfuil in ann a leasanna a chosaint mar gheall ar lagú nó neamhdhóthanacht a gcumas pearsanta***.	1. Déanfar an Deimhniú a eisiúint ***don duine fásta soghonta*** lena úsáid ag ***a ionadaithe nó ag a*** hionadaithe ***ar gá dóibh*** i mBallstát eile a gcumhachtaí a agairt chun ***tacú leis an duine fásta soghonta nó*** chun ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar an Deimhniú a úsáid chun a léiriú go bhfuil an t-ionadaí údaraithe, ar bhonn birt nó ar bhonn cumhacht ionadaíochta dheimhnithe, chun ionadaíocht a dhéanamh ar an duine fásta go háirithe i gceann amháin nó níos mó de na hábhair seo a leanas:	2. Féadfar an Deimhniú a úsáid chun a léiriú go bhfuil an t-ionadaí údaraithe, ar bhonn birt nó ar bhonn cumhacht ionadaíochta dheimhnithe, chun t***acaíocht a thabhairt don duine fásta nó*** ionadaíocht a dhéanamh air nó uirthi go háirithe i gceann amháin nó níos mó de na hábhair seo a leanas:

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit nach ***rachaidh an táille chun an*** Deimhniú ***a fháil, más ann di, thar chostas táirgthe an Deimhnithe***.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go ***n-eiseofar an Deimhniú saor in aisce***.

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an próiseas iarratais inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Beidh an Deimhniú ar fáil i bhformáidí a bheidh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 39 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sonrófar sa Deimhniú cad iad na cumhachtaí atá ag ionadaí duine fhásta nó, de réir mar is iomchuí, ar bhealach diúltach, cad iad na cumhachtaí nach bhfuil ag an ionadaí. I gcás inarb infheidhme, sonrófar sa Deimhniú freisin aon teorainn ar na cumhachtaí sin nó na coinníollacha a ghabhann leis na cumhachtaí sin.	1. Sonrófar sa Deimhniú cad iad na cumhachtaí atá ag ionadaí duine fhásta ***shoghonta, agus méid na gcumhachtaí sin,*** nó, de réir mar is iomchuí, ar bhealach diúltach, cad iad na cumhachtaí nach bhfuil ag an ionadaí. I gcás inarb infheidhme, sonrófar sa Deimhniú freisin aon teorainn ar na cumhachtaí sin nó na coinníollacha a ghabhann leis na cumhachtaí sin.

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Faoi [dhá bhliain tar éis dháta thús an chur i bhfeidhm] ar a dhéanaí,*** bunóidh na Ballstáit ar a gcríoch clár amháin nó níos mó, agus coinneoidh siad ar bun iad, cláir ina dtaifeadfar faisnéis maidir le bearta cosanta agus, i gcás ina bhforáiltear ina ndlí náisiúnta do dhaingniú cumhachtaí ionadaíochta ag údarás inniúil, maidir leis na cumhachtaí ionadaíochta sin (‘cláir um chosaint’).	1. Bunóidh na Ballstáit ar a gcríoch clár amháin nó níos mó, agus coinneoidh siad ar bun iad, cláir ina dtaifeadfar faisnéis maidir le bearta cosanta agus, i gcás ina bhforáiltear ina ndlí náisiúnta do dhaingniú cumhachtaí ionadaíochta ag údarás inniúil, maidir leis na cumhachtaí ionadaíochta sin (‘cláir um chosaint’).

Or. en

Réasúnú

Riachtanach ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus ag comhfhreagairt d’Airteagal 70.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoi [dhá bhliain tar éis dháta tosaigh an chur i bhfeidhm] ar a dhéanaí, na Ballstáit ina ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le cláir leictreonacha ina dtaifeadtar faisnéis a bhaineann le cumhachtaí ionadaíochta eile atá cláraithe ag údarás inniúil, agus i gcás nach bhforáiltear sa dlí náisiúnta do dhaingniú na gcumhachtaí ionadaíochta sin, áiritheoidh siad go ndéanfar an fhaisnéis éigeantach dá dtagraítear in Airteagal 45(2) a thaifeadadh sna cláir sin.	Ballstáit ina ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le cláir leictreonacha ina dtaifeadtar faisnéis a bhaineann le cumhachtaí ionadaíochta eile atá cláraithe ag údarás inniúil, agus i gcás nach bhforáiltear sa dlí náisiúnta do dhaingniú na gcumhachtaí ionadaíochta sin, áiritheoidh siad go ndéanfar an fhaisnéis éigeantach dá dtagraítear in Airteagal 45(2) a thaifeadadh sna cláir sin.

Or. en

Réasúnú

Riachtanach ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus ag comhfhreagairt d'Airteagal 70.

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún córas díláraithe don idirnascadh ('córas um idirnascadh') arb é a bheidh ann:	1. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ***arna nglacadh i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 60(1) agus (4),*** bunóidh an Coimisiún córas díláraithe don idirnascadh ('córas um idirnascadh') ina mbeidh an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 48 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) leas dlisteanach acu rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ***sin***.	(b) leas dlisteanach acu ***rochtain a fháil ar an*** bhfaisnéis ***a bhfuil géarghá léi chun ceann amháin de na críocha a leagtar amach in Airteagal 51(1), pointe (a), (b), (c), (d) nó (e) i ndáil leis an duine fásta leochaileach atá faoi réir imeachtaí leanúnacha os comhair na n-údarás iarrthach***.

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***D'fhéadfadh sé nach mbeadh úsáid an*** chórais TF dhíláraithe ***iomchuí le haghaidh cumarsáid dhíreach idir údaráis arna déanamh de bhun Airteagal 27(1), agus féadfar aon*** mhodh cumarsáide ***eile a úsáid ina ionad***.	2. ***Féadfaidh údaráis inniúla cumarsáid a dhéanamh, áfach, trí mhodhanna malartacha i gcás nach féidir cumarsáid leictreonach a dhéanamh i gcomhréir le mír 1 mar gheall ar an méid seo a leanas:*** ***(a) cur isteach*** ar an gcóras TF díláraithe***;*** ***(b) cineál fisiceach nó teicniúil an ábhair tharchurtha; or*** ***(c) force majeure.*** ***Chun críocha na chéad fhomhíre, áiritheoidh na*** húdaráis ***inniúla go mbeidh na*** modhanna ***malartacha*** cumarsáide ***a úsáidtear ar na cinn is tapúla agus is iomchuí agus go n-áiritheofar malartú faisnéise slán iontaofa leo***.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 49 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ***nach féidir cumarsáid leictreonach a dhéanamh i gcomhréir le mír (1) mar gheall ar chur isteach*** ar an gcóras TF díláraithe***, cineál an ábhair tharchurtha nó imthosca eisceachtúla, déanfar an tarchur ar an modh malartach is tapúla agus is iomchuí, agus an gá le malartú slán agus iontaofa*** faisnéise ***a áirithiú á chur san áireamh***.	3. I gcás ***nach iomchuí úsáid a bhaint as*** an gcóras TF díláraithe ***dá dtagraítear i mír 1 le haghaidh cumarsáid dhíreach idir na húdaráis*** a dhéantar ***de bhun Airteagal 27(1), féadfar aon mhodh cumarsáide eile a úsáid ina ionad sin, ar choinníoll go n-urramaítear leis na modhanna cumarsáide sin cearta nós imeachta na bpáirtithe sna himeachtaí agus rúndacht na*** faisnéise.

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 50 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. An pointe rochtana leictreonach Eorpach atá bunaithe ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas de bhun Airteagal 4 de Rialachán [AE] [an Rialachán maidir leis an gClaochlú Digiteach], féadfar é a úsáid le haghaidh cumarsáid leictreonach idir daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha agus údaráis inniúla agus údaráis eisiúna na mBallstát i dtaobh na nithe a leanas:	1. An pointe rochtana leictreonach Eorpach atá bunaithe ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas de bhun Airteagal 4 de Rialachán [AE] [an Rialachán maidir leis an gClaochlú Digiteach], féadfar é a úsáid le haghaidh cumarsáid leictreonach idir daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha agus údaráis inniúla***, nó a n-ionadaithe,*** agus údaráis eisiúna na mBallstát i dtaobh na nithe a leanas:

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 58 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm coinbhinsiún idirnáisiúnta a mbeidh Ballstát amháin nó níos mó ina pháirtí nó ina bpáirtithe iontu an tráth a ghlacfar an Rialachán seo, agus a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo.	1. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm coinbhinsiún idirnáisiúnta***, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas,*** a mbeidh Ballstát amháin nó níos mó ina pháirtí nó ina bpáirtithe iontu an tráth a ghlacfar an Rialachán seo, agus a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 60 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas um idirnascadh de bhun mhír 1 faoi [***3*** bliana tar éis an teacht i bhfeidhm].	4. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas um idirnascadh de bhun mhír 1 faoi [***2*** bliana tar éis an teacht i bhfeidhm].

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 60 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe de bhun mhír 2 faoi [***2 bhliain*** tar éis an teacht i bhfeidhm].	5. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláraithe de bhun mhír 2 faoi [***1 bhliain*** tar éis an teacht i bhfeidhm].

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 65

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 65	***scriosta***
Forálacha idirthréimhseacha	
1. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le bearta arna ndéanamh, maidir le hionstraim bharántúil a chláraítear nó a tharraingítear suas go foirmiúil, agus maidir le cumhachtaí ionadaíochta arna ndeimhniú tar éis [an dáta cur i bhfeidhm].	
2. D'ainneoin mhír (1), beidh feidhm ag an Rialachán seo amhail ón [dáta cur i bhfeidhm] maidir le cumhachtaí ionadaíochta a dheonaigh duine fásta roimhe sin faoi choinníollacha a fhreagraíonn dóibh siúd a leagtar amach in Airteagal 15 de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta.	
3. Caibidil VI a bhaineann le comhar idir Údaráis Lárnacha, beidh feidhm ag an gCaibidil sin maidir le hiarrataí agus iarratas a gheobhaidh na hÚdaráis Lárnacha amhail ón [dáta cur i bhfeidhm].	
4. Caibidil VII a bhaineann leis an Deimhniú Eorpach Ionadaíochta, beidh feidhm ag an gCaibidil sin maidir le hiarratais ar an Deimhniú a gheobhaidh an t-údarás eisiúna amhail ón [dáta cur i bhfeidhm].	
5. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an gcóras TF díláraithe dá dtagraítear in Airteagal 49(1) maidir le nósanna imeachta arna dtionscnamh ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse dhá bhliain	

tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(5).

6. Caibidil VIII a bhaineann le cláir um chosaint agus cláir de chumhachtaí ionadaíochta eile a bhunú agus a idirnascadh, beidh feidhm ag an gCaibidil sin maidir leis na bearta a dhéanfar agus na cumhachtaí ionadaíochta a dheimhneofar nó a chlárófar ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(4).

Or. en

Réasúnú

Baineann forálacha le cur i bhfeidhm agus aistrítear iad dá réir sin chuig Airteagal 70.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 66 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoi [***10*** mbliana tar an teacht i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus déanfaidh sé tuarascáil maidir leis an meastóireacht ar an Rialachán seo, agus faisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit agus a bhailíonn an Coimisiún, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle [agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa]. I gcás inar gá, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.	1. Faoi [***5*** bliana tar an teacht i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus déanfaidh sé tuarascáil maidir leis an meastóireacht ar an Rialachán seo, agus faisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit agus a bhailíonn an Coimisiún, a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle [agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa]. I gcás inar gá, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil. ***Déanfar an cinneadh cé acu togra reachtach a thíolacadh nó gan é a thíolacadh tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dháta foilsithe na tuarascála meastóireachta, agus poibleofar an t-údar atá leis.***

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 69 – mír 1 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) táillí, más ann dóibh, a ghearrann na Ballstáit as an Deimhniú Eorpach Ionadaíochta a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 37(2);	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Riachtanach chun comhfhreagairt d'athrú ar Airteagal 37(2).

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh feidhm aige ón [gcéad lá den mhí tar éis tréimhse ***18*** mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].	2. Beidh feidhm aige ón [gcéad lá den mhí tar éis tréimhse ***12*** mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh feidhm ag Airteagal 49 agus 50 ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse ***2 bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(2).	3. Beidh feidhm ag Airteagal 49 agus 50 ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse ***1 bhliain*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(2).

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh feidhm ag Airteagail 45 agus 46 ón [***2 bhliain*** tar éis an dáta ***teacht i bhfeidhm***].	4. Beidh feidhm ag ***Airteagal 38(3) agus*** Airteagail 45 agus 46 ón ***gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse bliana*** tar éis dháta theacht i ***bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(1)***.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh feidhm ag Airteagal 47 ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(1).	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Riachtanach ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus ag comhfhreagairt don athrú in Airteagal 47.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Beidh feidhm ag Airteagal 38(3) ón gcéad lá den mhí tar éis na tréimhse 2 bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 60(4).	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Ag comhfhreagairt don athrú i mír 4.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le bearta arna ndéanamh, maidir le hionstraim bharántúil a chláraítear nó a tharraingítear suas go foirmiúil, agus maidir le cumhachtaí ionadaíochta arna ndeimhniú tar éis [an dáta cur i bhfeidhm].

Or. en

Réasúnú

Ag comhfhreagairt don athrú in Airteagal 65.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6b. D'ainneoin mhír (6a), beidh feidhm ag an Rialachán seo ón ... [dáta

chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le cumhachtaí ionadaíochta arna ndeonú roimhe sin ag duine fásta faoi choinníollacha a chomhfhreagraíonn dóibh siúd a leagtar amach in Airteagal 15 de Choinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 6 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6c. Caibidil VI a bhaineann le comhar idir Údaráis Lárnacha, beidh feidhm ag an gCaibidil sin maidir le hiarrataí agus iarratais a gheobhaidh na hÚdaráis Lárnacha amhail ón [dáta cur i bhfeidhm].

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 6 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6d. Caibidil VII a bhaineann leis an Deimhniú Eorpach Ionadaíochta, beidh feidhm ag an gCaibidil sin maidir le hiarratais ar an Deimhniú a gheobhaidh an t-údarás eisiúna amhail ón [dáta cur i bhfeidhm].

Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 70 – mír 6 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6e. Beidh feidhm ag Airteagail 45, 46 agus 48 a bhaineann le cláir um chosaint agus cláir de chumhachtaí ionadaíochta eile a bhunú agus a idirnascadh maidir leis na bearta a dhéanfar agus na cumhachtaí ionadaíochta a dheimhneofar nó a chlárófar ón dáta dá dtagraítear i mír 4.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é is aidhm don Togra le haghaidh Rialacháin rialacha a leagan amach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh lena soláthrófaí deimhneacht dhlíthiúil chomh maith le héifeacht beart cosanta a áirithiú do dhaoine fásta agus dá n-ionadaithe i gcásanna trasteorann, ag tógáil ar an gcreat a bunaíodh le Comhdháil na Háige maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach (HCCH) an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta (Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta). Tacaíonn an Rapóirtéir le cuspóir an togra, go háirithe i gcomhthéacs méadú atá beartaithe ar líon na ndaoine fásta a mbeidh tacaíocht nó coimirce ag teastáil uathu chun a n-inniúlacht dhlíthiúil a fheidhmiú i mBallstát eile, ag féachaint, go háirithe, do dhaonra atá ag dul in aois chomh maith le soghluaisteacht mhéadaithe laistigh den Aontas.

Ag an am céanna, tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán leis na cearta a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ina bpáirtithe ann. Ba mhór an t-athrú é UNCRPD sa chur chuige maidir le cúram a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus a chur ar a gcumas leas a bhaint as a gcearta ar bhonn comhionann le daoine eile.

Leis an tuarascáil sin, tá sé mar aidhm ag an Rapóirtéir creat Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a ionchorprú i ndlí an Aontais ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, agus ag an am céanna é a ailíniú le UNCRPD trí bhearta cosanta agus tacaíochta a chur chun cinn lena ndírítear ar neamhspleáchas iomlán na ndaoine lena mbaineann a urramú. Cé nach mbaineann an togra le hábhair shubstainteacha, atá fós faoi inniúlachtaí náisiúnta, níor cheart aon amhras a bheith ann go gcuirtear neamhspleáchas pearsanta i gcroílár na mbeartas uile le creat an chomhair bhreithiúnaigh a leagtar amach faoin togra seo.

Ba cheart don Chomhairle cloí le cur chun cinn na bprionsabal céanna tar éis ghlacadh an dréacht-Chinnidh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a dhaingniú.

Molann an Rapóirtéir freisin bearta tacaíochta breise a chuideodh leis na daoine lena mbaineann na hábhair chasta a thagann faoi raon feidhme an Togra a thuiscint agus dul i ngleic leo.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

Eintiteas
European Commission - DG JUST
European Disability Forum
European Network on Independent Living
Council of the Notariats of the European Union

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.